Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8100/26**
**ADD 1**

**EF 104**
**ECOFIN 446**
**DELACT 68**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2149 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (EU) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nochtadh faisnéise ón taobh istigh i bpróisis fhadtréimhseacha agus moilliú nochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2149 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 2149 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2026
C(2026) 2149 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (EU) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nochtadh faisnéise ón taobh istigh i bpróisis fhadtréimhseacha agus moilliú nochta**

**IARSCRÍBHINN I**

**Liosta neamh-uileghabhálach d'imeachtaí críochnaitheacha nó d'imthosca críochnaitheacha i bpróisis fhadtréimhseacha dá dtagraítear in Airteagal 17(12), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014**

| Uimh. | Próiseas Fadtréimhseach | Imeachtaí críochnaitheacha nó imthosca críochnaitheacha | Tráth nochta |
|---|---|---|---|
| **A** | **Straitéis ghnó** | | |
| 1 | Comhaontuithe (lena n-áirítear fáil nó diúscairt sócmhainní ábhartha nó fochuideachtaí) | Síniú an chomhaontaithe nó gníomh coibhéiseach eile le héifeacht cheangailteach | A luaithe is féidir tar éis an comhaontú a shíniú, nó tar éis aon ghníomh coibhéiseach eile a bhfuil éifeacht cheangailteach leis a shíniú. |
| 2 | Cumaisc | Na dréacht-téarmaí cumaisc a fhoilsiú | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora na dréacht-téarmaí cumaisc a fhormheas mar a shonraítear in Airteagal 91(2) de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. |
| 3 | Mór-atheagruithe corparáideacha | Cinneadh maidir le hatheagrú corparáideach | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh dul ar aghaidh le hatheagrú corparáideach. |
| 4 | Foirceannadh deonach comhaontaithe ábhartha ag an eisitheoir | Cinneadh comhaontú ábhartha a fhoirceannadh | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh comhaontú ábhartha a fhoirceannadh. |
| **B** | **Struchtúr caipitiúil, díbhinní agus íocaíochtaí úis** | | |
| 5 | Méadú caipitil | Cinneadh an caipiteal a mhéadú | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh an caipiteal a mhéadú. |

1 Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj).

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6 | Ionstraimí nua a eisiúint | Cinneadh ionstraimí nua a eisiúint | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ionstraimí nua a eisiúint. |
| 7 | Aischeannach scaireanna | Cinneadh aischeannach scaireanna a dhéanamh | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh aischeannach scaireanna a dhéanamh. |
| 8 | Ionstraimí a chomhshó | Cinneadh ionstraimí a chomhshó | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ionstraimí a chomhshó. |
| 9 | Díbhinní | Cinneadh dáileadh díbhinní nó athrú ar an mbeartas díbhinní ar na scairshealbhóirí a mholadh | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh dáileadh díbhinní nó athrú ar an mbeartas díbhinní a chur faoi bhráid na scairshealbhóirí lena fhormheas. |
| 10 | Íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí fuascailte a chur siar nó a chealú | Cinneadh íocaíochtaí úis nó fuascailte a chur siar nó a chealú | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh na híocaíochtaí úis nó fuascailte a chur siar nó a chealú. |
| **C** | **Faisnéis airgeadais** | | |
| 11 | Tuarascálacha airgeadais nó tuarascálacha airgeadais eatramhacha | Torthaí airgeadais a admháil nó a fhormheas | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora na torthaí airgeadais a admháil nó a fhormheas. |
| 12 | Réamhaisnéisí | Na réamhaisnéisí a admháil nó a fhormheas | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora na réamhaisnéisí a admháil nó a fhormheas. |
| **D** | **Rialachas corparáideach** | | |
| 13 | Comhaltaí de chomhlacht rialaithe eisitheora nó bainisteoirí a bhfuil ról lárnach acu a cheapadh nó a chur | Cinneadh maidir leis an gceapadh nó an cur as oifig | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh a dhéanamh comhalta de chomhlacht rialaithe an eisitheora nó bainisteoir a bhfuil ról lárnach aige a cheapadh nó a chur as oifig. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | as oifig | | |
| 14 | Leasuithe suntasacha ar na hairteagail chorpraithe nó ar na fodhlíthe | Cinneadh leasuithe suntasacha ar airteagail chorpraithe an eisitheora, nó ar na fodhlíthe, a mholadh do na scairshealbhóirí | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora cinneadh a dhéanamh leasuithe suntasacha ar na hairteagail chorpraithe nó ar na fodhlíthe a chur faoi bhráid na scairshealbhóirí lena bhformheas. |
| **E** | **Idirghabhálacha ó údaráis phoiblí** | | |
| 15 | Iarratas ar cheadúnas nó ar údarú | Iarratas ar cheadúnas nó ar údarú | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an t-iarratas ar cheadúnas nó ar údarú a chur faoi bhráid an údaráis inniúil. |
| 16 | Ceadúnas nó údarú a dheonú nó a dhiúltú | Ceadúnas nó údarú a dheonú nó a dhiúltú | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra foirmiúil a fháil ón údarás inniúil lena ndeonaítear ceadúnais nó údarú, nó lena ndiúltaítear d'iarratas ar cheadúnas nó ar údarú, fiú amháin, i gcás ina bhfuarthas iarratas, gur mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin, , nó i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 17 | Ceadúnas nó údarú a tharraingt siar | Ceadúnas nó údarú a tharraingt siar | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra foirmiúil a fháil ón údarás inniúil lena dtarraingítear siar an ceadúnas nó an t-údarú, fiú i gcás gur mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí roimhe seo a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin, nó i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 18 | Iarratas ar chearta maoine intleachtúla ('MI') a aithint | Iarratas ar chearta MI a aithint | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an t-iarratas ar chearta MI a aithint a chur faoi bhráid an údaráis inniúil. |
| 19 | Aitheantas ar chearta MI | Fógra a thabhairt faoi chearta MI a | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra foirmiúil a fháil maidir le |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | aithint nó gan iad a aithint | cearta MI a aithint nó gan iad a aithint, fiú i gcás, mar thoradh ar iarratas ar chearta MI a aithint, gur mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin, nó i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 20 | Iarratas ar údarú chun táirge a thráchtálú | Iarratas ar údarú chun táirge a thráchtálú | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir iarratas ar údarú chun táirge a thráchtálú a chur faoi bhráid an údaráis inniúil. |
| 21 | Údarú chun táirge a thráchtálú | Údarú chun táirge a thráchtálú | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra foirmiúil a fháil ón údarás inniúil lena ndeonaítear an t-údarú chun táirge a thráchtálú, nó ag diúltú don iarratas chun táirge a thráchtálú, fiú i gcás, mar thoradh ar iarratas, gur mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin, nó i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 22 | Trialacha leighis/cliniciúla le haghaidh táirgí cógaisíochta | Conclúid trialacha leighis/cliniciúla | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir na trialacha leighis/cliniciúla a thabhairt i gcrích. |
| 23 | Údarú chun táirgí leighis/cógaisíochta a thráchtálú | Údarú chun táirgí leighis/cógaisíochta a thráchtálú | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra foirmiúil faoin gcinneadh críochnaitheach a fháil ón údarás inniúil (gan beann ar cibé acu glacadh nó diúltú atá ann), fiú i gcás, mar thoradh ar iarratas ar údarú chun táirge leighis/cógaisíochta a thráchtálú, inar mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin, nó i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 24 | Rannpháirtíocht i bpróiseas soláthair phoiblí | Dámhachtain conartha | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra foirmiúil a fháil go ndearnadh conradh a dhámhachtain don eisitheoir, fiú i gcás, mar thoradh ar an rannpháirtíocht i bpróiseas soláthair phoiblí, gur mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás poiblí réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin, nó i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 25 | Imeachtaí réamhdhócmhainneac hta/ athstruchtúraithe | Cinneadh imeachtaí nó comhaontuithe réamhdhócmhainnea chta a dhéanamh le creidiúnaithe | I gcás imeachtaí atá faoi mhaoirseacht cúirte, a luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh a dhéanamh iarratas a chomhdú ar imeachtaí réamhdhócmhainneachta/athstruchtúr úcháin.<br>I gcás imeachtaí nach bhfuil faoi mhaoirseacht cúirte, a luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora comhaontú a shíniú le creidiúnaithe nó aon socruithe eile dá bhforáiltear sa chás réamhdhócmhainneachta. |
| 26 | Dócmhainneacht | Dócmhainneacht a chomhdú | A luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh a dhéanamh iarratas ar dhócmhainneacht a chomhdú. |
| **F** | **Institiúidí creidmheasa, gnóthais árachais agus gnóthais athárachais** | | |
| 27 | Athbhreithniú agus meastóireacht mhaoirseachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 97 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] | Cinneadh foirmiúil an údaráis inniúil | A luaithe is féidir tar éis don institiúid chreidmheasa an t-athbhreithniú maoirseachta críochnaitheach agus an cinneadh próisis meastóireachta a fháil ón údarás inniúil, fiú i gcás inar mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí roimhe sin a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh |

2 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | istigh iad, astu féin. |
| 28 | Laghdú ar chistí dílse, de bhun Airteagal 77 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] | Cinneadh foirmiúil an údaráis inniúil laghdú ar chistí dílse a údarú | A luaithe is féidir tar éis don institiúid chreidmheasa fógra a fháil go bhfuil an laghdú ar chistí dílse údaraithe ag an údarás inniúil, fiú i gcás inar mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí roimhe sin a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin. |
| 29 | Ullmhú le haghaidh gníomhaíocht réitigh, lena n-áirítear aon chinneadh nó gníomhaíocht a ghlacann an t-údarás inniúil nó an t-údarás réitigh go dtí go nglacfar an cinneadh chun gníomhaíocht réitigh a dhéanamh | Cinneadh an údaráis réitigh gníomhaíocht réitigh a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 82(1) agus (2) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] nó Airteagal 64 de Threoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] | A luaithe is féidir tar éis fhoilsiú chinneadh an údaráis réitigh de bhun Airteagal 83(4) de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 65(3) de Threoir (AE) 2025/1. |
| 30 | Imeachtaí dócmhainneachta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme | Cinneadh an údaráis inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme | A luaithe is féidir tar éis don institiúid fógra a fháil maidir le cinneadh an údaráis inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. |
| **G** | **Imeachtaí dlíthiúla, smachtbhannaí agus díliostú** | | |

creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

3 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

4 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj).

5 Treoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2017/1129 (IO L, 2025/1, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/1/oj).

| | | | |
|---|---|---|---|
| 31 | Imeachtaí riaracháin | Cinneadh an údaráis inniúil | A luaithe is féidir tar éis don údarás inniúil an t-eisitheoir a chur ar an eolas go foirmiúil maidir lena chinneadh críochnaitheach tar éis na n-imscrúduithe ábhartha, fiú i gcás inar mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí roimhe sin a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh istigh iad, astu féin, nó i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 32 | Bearta réamhchúraim laistigh d'imeachtaí breithiúnacha, mar ghearánaí nó mar chosantóir araon | Cinneadh ó údarás nó ó chúirt | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra a fháil faoin gcinneadh maidir leis na bearta réamhchúraim, fiú i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 33 | Imeachtaí breithiúnacha | Cinneadh ó údarás nó ó chúirt | A luaithe is féidir tar éis don eisitheoir fógra a fháil maidir leis an gcinneadh, fiú i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 34 | Imeachtaí chun smachtbhannaí a chainníochtú | Cinneadh maidir le smachtbhanna | A luaithe is féidir tar éis an t-eisitheoir a chur ar an eolas maidir leis an gcinneadh faoin smachtbhanna, fiú i gcás ina bhféadfadh an cinneadh a bheith faoi réir achomhairc nó ina bhfuil sé faoi réir achomhairc. |
| 35 | Díliostú | Cinneadh maidir leis an díliostú | I gcás díliostú deonach, a luaithe is féidir tar éis do chomhlacht rialaithe an eisitheora an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an díliostú.<br><br>I gcás cinneadh díliostála arna dhéanamh ag an údarás inniúil nó ag an ionad trádála, a luaithe is féidir tar éis don eisitheoir an fógra foirmiúil faoin gcinneadh díliostála a fháil, fiú i gcás inar mhalartaigh an t-eisitheoir agus an t-údarás inniúil nó an t-ionad trádála réamhfhaisnéis nó dréachtchinntí roimhe sin a bhféadfaí a chur ina leith gur faisnéis ón taobh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | istigh iad, astu féin. |

## IARSCRÍBHINN II

**Liosta neamh-uileghabhálach de chásanna ina bhfuil an fhaisnéis ón taobh istigh i gcodarsnacht leis an bhfógra poiblí is déanaí nó cineál eile cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 17(12), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014**

| Uimh. | Cás |
|---|---|
| 1 | Faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le hathrú ábhartha ar réamhaisnéisí, ar thorthaí airgeadais nó ar chuspóirí gnó mar a fógraíodh nó mar a cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin (amhail rabhaidh bhrabúis nó neamhshúilíochtaí tuillimh). |
| 2 | Faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le hathrú ábhartha ar thionchar comhshaoil nó sóisialta tionscadail nó táirge mar a fógraíodh nó mar a cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin (amhail spriocanna comhshaoil nach gcomhlíontar). |
| 3 | Faisnéis ón taobh istigh maidir le hinmharthanacht airgeadais eisitheora/rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí i gcás inar fógraíodh nó inar cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin faisnéis atá éagsúil go hábhartha maidir lena choinníollacha airgeadais (amhail an gá atá le méadú caipitil nó le heisiúint bannaí urghnácha). |
| 4 | Faisnéis ón taobh istigh a bhaineann leis an bhfíoras nach gcomhlíonfar torthaí nó spriocdhátaí táirge nó tionscadail atá á fhorbairt, i gcás inar fógraíodh nó inar cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin na torthaí nó na spriocdhátaí sin. |
| 5 | Faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le hathrú ábhartha ar an struchtúr caipitil mar a fógraíodh nó mar a cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin (amhail modhnú suntasach ar eisiúint ionstraimí airgeadais). |
| 6 | Faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le hathrú ábhartha ar straitéis ghnó a fógraíodh nó a cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin (amhail cinneadh dul isteach i ndeighleog mhargaidh gheografach nua). |
| 7 | Faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le hathrú ábhartha ar phríomheilimintí conartha nó idirbhirt a fógraíodh nó a cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin (amhail foirceannadh comhpháirtíochta tráchtála, nó, i gcás éadála, roghnú sprioc-chuideachta difriúla). |
| 8 | Faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le hathrú ábhartha ar an rialachas corparáideach mar a fógraíodh nó mar a cuireadh in iúl go poiblí roimhe sin, lena n-áirítear struchtúr bainistíochta agus cóid iompair (amhail cinneadh a chur ar ceal chun méadú beartaithe a dhéanamh ar líon na gcomhaltaí neamhspleácha Boird). |

## IARSCRÍBHINN III

**Cineálacha eile teachtaireachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den Rialachán seo:**

(a) aon teachtaireacht nó preaseisiúint a fhoilsíonn an t-eisitheoir/an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta nó trí mheáin eile agus ar a shuíomh gréasáin;

(b) agallaimh phoiblí arna dtabhairt ag aon duine a dhéanann ionadaíocht fhoirmiúil ar an eisitheoir/ar an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí;

(c) glaonna réamhdhúnta, seónna bóthair agus imeachtaí poiblí eile a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin agus podchraoltaí, arna n-eagrú nó arna n-údarú ag an eisitheoir/ag an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí, agus ina nglacann aon duine a dhéanann ionadaíocht fhoirmiúil ar an eisitheoir/ar an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí páirt;

(d) feachtais fógraíochta agus mhargaíochta arna gcur ar fáil go poiblí ag an eisitheoir/ag an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí;

(e) comhduithe rialála atá inrochtana don phobal ag an eisitheoir/ag an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí;

(f) teachtaireachtaí atá inrochtana don phobal a sholáthraítear i gcomhthéacs chruinnithe scairshealbhóirí an eisitheora/an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí;

(g) aon teachtaireacht eile chuig an bpobal arna seachadadh ag aon duine a dhéanann ionadaíocht fhoirmiúil ar an eisitheoir/ar an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí.